# Important Safety Instructions

## For your safety

To prevent severe injury and loss of life/property, read this section carefully before using the product to ensure proper and safe operation of your product.

### WARNING

#### Power connection

- Use only the power source marked on the product.
- Do not overload power outlets and extension cords. This can result in the risk of fire or electric shock.
- Completely insert the AC adaptor/power plug into the power outlet. Failure to do so may cause electric shock and/or excessive heat resulting in a fire.
- Regularly remove any dust, etc. from the AC adaptor/power plug by pulling it from the power outlet, then wiping with a dry cloth. Accumulated dust may cause an insulation defect from moisture, etc. resulting in a fire.
- Unplug the product from power outlets if it emits smoke, an abnormal smell, or makes an unusual noise. These conditions can cause fire or electric shock. Confirm that smoke has stopped emitting and contact your phone system dealer.
- Unplug from power outlets and never touch the inside of the product if its casing has been broken open.
- Never touch the plug with wet hands. Danger of electric shock exists.

#### Installation

- To prevent the risk of fire or electrical shock, do not expose the product to rain or any type of moisture.
- Do not place or use this product near automatically controlled devices such as automatic doors and fire alarms. Radio waves emitted from this product may cause such devices to malfunction resulting in an accident.
- Do not allow the AC adaptor or Ethernet cable to be excessively pulled, bent or placed under heavy objects.

#### Operating safeguards

- Unplug the product from power outlets before cleaning. Do not use liquid or aerosol cleaners.
- Do not disassemble the product.

- Do not spill liquids (detergents, cleansers, etc.) onto the Ethernet cable plug, or allow it to become wet at all. This may cause a fire. If the Ethernet cable plug becomes wet, immediately pull it from the LAN (Local Area Network) wall jack, and do not use.
- KX-TGP550 only: Do not excessively pull the corded handset cord from the base unit. This may cause the base unit to fall, resulting in injury.
- The use of excessive sound volume through earphones, headphones, or headsets may cause hearing loss.

### Medical

- Consult the manufacturer of any personal medical devices, such as pacemakers or hearing aids, to determine if they are adequately shielded from external RF (radio frequency) energy. (The product operates in the frequency range of 1.88 GHz to 1.90 GHz, and the RF transmission power is 250 mW (max.).)
- Do not use the product in health care facilities if any regulations posted in the area instruct you not to do so. Hospitals or health care facilities may be using equipment that could be sensitive to external RF energy.

## CAUTION

### Installation and relocation

- Never install LAN (Local Area Network) during an electrical storm.
- Never install Ethernet cable jacks in wet locations unless the jack is specifically designed for wet locations.
- Never touch uninsulated LAN (Local Area Network) or terminals unless the LAN (Local Area Network) has been disconnected at the network interface.
- Use caution when installing or modifying LAN (Local Area Network).
- The AC adaptor is used as the main disconnect device. Ensure that the AC outlet is installed near the product and is easily accessible.
- This product is unable to make calls when there is a power failure.

### Battery

- We recommend using the supplied batteries or additional/replacement batteries noted in the battery information section of the base unit’s User Guide on the Panasonic Web site. See page 3 for Panasonic URL. **USE ONLY rechargeable Ni-MH batteries AAA (R03) size.**
- Do not mix old and new batteries.
- Do not open or mutilate the batteries. Released electrolyte from the batteries is corrosive and may cause burns or injury to the eyes or skin. The electrolyte is toxic and may be harmful if swallowed.

- Exercise care when handling the batteries. Do not allow conductive materials such as rings, bracelets, or keys to touch the batteries, otherwise a short circuit may cause the batteries and/or the conductive material to overheat and cause burns.
- Charge the batteries provided with or identified for use with this product only, in accordance with the instructions and limitations specified in this manual.
- Only use a compatible charger to charge the batteries. Do not tamper with the charger. Failure to follow these instructions may cause the batteries to swell or explode.

## Important safety instructions

When using your product, basic safety precautions should always be followed to reduce the risk of fire, electric shock, and injury to persons, including the following:

1. Do not use this product near water for example, near a bathtub, washbowl, kitchen sink, or laundry tub, in a wet basement or near a swimming pool.
2. Avoid using a telephone (other than a cordless type) during an electrical storm. There may be a remote risk of electric shock from lightning.
3. Do not use the telephone to report a gas leak in the vicinity of the leak.
4. Use only the power cord and batteries indicated in this manual. Do not dispose of batteries in a fire. They may explode. Check with local codes for possible special disposal instructions.

# SAVE THESE INSTRUCTIONS

# Treoracha Tábhachtacha Sábháilteachta

## Ar mhaithe le do shábháilteacht

Chun díobháil thromchúiseach agus caillteanas beatha/réadmhaoin a chosc, léigh an mhír seo go cúramach sula n-úsáidtear an táirge chun oibríocht cheart agus shábháilte an táirge a chinntiú.

### Rabhadh

**Nasc cumhachta**

- Ná húsáid ach an fhoinse chumhachta atá marcáilte ar an táirge.
- Ná déan rólódáil ar asraonta cumhachta ná cordaí sínte. D'fhéadfadh baol tine nó turrainge leictrí a éirí dá bharr.
- Cuir isteach go hiomlán an cuibheoir AC/plocóid chumhachta san asraon cumhachta. Mura ndéanann, d'fhéadfadh sé bheith ina chúis le turraing leictreach/teas iomarcach a chothódh tine.
- Glan aon deannach, etc. go rialta ón gcuibheoir AC/plocóid chumhachta ach é a tharraingt amach as an asraon cumhachta agus é a chuimilt ansin le ceirt thirim. D'fhéadfadh deannach atá bailithe ann a bheith ina údar do locht inslithe trí thaise a chothú, etc. agus d’fhéadfadh tine a thosú.
- Díphlugáil an táirge ó na hasraonta cumhachta má tá deatach, boladh neamhghnách nó fuaim neamhghnách ag teacht uaidh. D'fhéadfadh tine nó turraing leictreach tarlú sna cúinsí seo. Dearbhaigh go bhfuil deireadh leis an deatach agus déan teagmháil le do dhéileálaí córais teileafóin.
- Díphlugáil ó na hasraonta cumhachta agus ná teagmhaigh riamh leis an taobh istigh den táirge má tá an chásáil briste.
- Ná teagmhaigh riamh leis an bplocóid le lámha fliucha. Tá baol turrainge leictrí ann.

**Suiteáil**

- Chun baol tine nó turrainge leictrí a chosc, ná nocht an táirge do bháisteach ná do aon chineál taise.
- Ná cuir is ná húsáid an táirge seo gar do ghairis uathrialaithe amhail doirse uathoibríocha ná aláraim thine. D’fhéadfadh tonnta raidió a eisítear ón táirge seo a bheith ina gcúis le mífheidhmiú a d’fhéadfadh timpiste a éirí as.
- Ná lig do tharraingt rómhór ná do lúbadh ar an gcuibheoir AC ná ar an gcábla Ethernet agus ná cuir aon ábhair throma anuas orthu.

**Cosaint Oibríochta**

- Díphlugáil an táirge ó na hasraonta cumhachta roimh ghlanadh. Ná húsáid glantóirí leachta ná aerasóil.

- Ná díchóimeáil an táirge.
- Ná doirt leachtanna (glantaigh, glantóirí, etc.) ar phlocóid an chábla Ethernet, agus ná lig dó éirí fliuch in aon chor. D'fhéadfadh sé tine a chothú. Má éiríonn plocóid an chábla Ethernet fliuch, tarraing amach láithreach é as an seac balla LAN (Gréasán Ceantair Áitiúil) agus ná bain úsáid as.
- KX-TGP550 amháin: Ná bain tarraingt róláidir as an gcorda sás láimhe cordach ón mbunaonad. D'fhéadfadh an bunaonad titim agus díobháil a dhéanamh.
- D'fhéadfadh airde iomarcach fuaime trí chluasáin, cluasáin chinn, nó gléasanna cinn a bheith ina chúis le caillteanas éisteachta.

### Leigheas

- Téigh i mbun comhairliúcháin le déantúsóir aon ghaireas leighis, amhail séadairí nó áiseanna éisteachta, chun a dheimhniú go bhfuil sciath leordhóthanach orthu ar fhuinneamh RF seachtrach (minicíocht raidió). (Oibríonn an t-aonad ar raon minicíochta idir 1.88 GHz agus 1.90 GHz, agus is é 250 mW (uas). an chumhacht tarchurtha RF.)
- Ná húsáid an táirge in áiseanna cúram sláinte má tá treoir gan é sin a dhéanamh in aon rialacháin atá curtha in airde sa limistéar. D'fhéadfadh ospidéil nó áiseanna cúram sláinte a bheith ag úsáid trealaimh atá íogair d'fhuinneamh RF seachtrach.

## Aire

### Suiteáil agus athlonnú

- Ná suiteáil LAN (Gréasán Ceantair Áitiúil) le linn stoirme leictrí.
- Ná suiteáil riamh seac cábla Ethernet i suíomhanna fliucha mura bhfuil an seac deartha go sonrach do shuíomhanna fliucha.
- Ná teagmhaigh riamh le LAN (Gréasán Ceantair Áitiúil) neamhinslithe ná le losa mura bhfuil an LAN (Gréasán Ceantair Áitiúil) díscortha ag comhéadan an ghréasáin.
- Bí cúramach nuair a bhíonn LAN (Gréasán Ceantair Áitiúil) á shuiteáil nó á mhionathrú.
- Úsáidtear an cuibheoir AC mar phríomhghaireas díscortha. Déan deimhin de go bhfuil an t-asraon AC suite in áit gar don táirge agus gur furasta teacht air.
- Ní féidir glao a chur leis an táirge seo le linn teip cumhachta.

### Cadhnra

- Molaimid úsáid a bhaint as cadhnraí a soláthraíodh nó as cadhnraí breise/athchurtha a bhfuil nóta ina dtaobh sa mhír eolais ar chadhnraí de Treoir d'Úsáideoirí an bhunaonaid ar shuíomh gréasáin Panasonic. Féach leathanach 3 do Panasonic URL. **NÁ hÚSÁID ach cadhnraí Ni-MH méid AAA (R03).**
- Ná déan meascán de chadnraí nua agus sean.
- Ná hoscail is ná mill na cadhnraí. Tá an leictrilít a scaoiltear ó chadhnraí creimneach agus d'fhéadfadh sí díobháil a dhéanamh do shúile nó do chraiceann nó iad a dhó. Tá an leictrilít tocsaineach agus d'fhéadfadh sí díobháil a dhéanamh má shlogtar í.

- Bí cúramach nuair a bhíonn cadhnraí á láimhseáil. Ná lig do hábhair conduchtacha amhail fáinní, bráisléid, nó eochracha teagmháil le cadhnraí, d'fhéadfadh gearrchiorcad a bheith ina chúis le róthéamh ar na cadhnraí agus/nó ar an ábhar conduchtach agus duine a dhó.
- Luchtaigh na cadhnraí a tháinig leis nó a aithníodh lena n-úsáid leis an táirge amháin, de réir na dtreoracha agus na dteorainneacha atá sonraithe sa lámhleabhar seo.
- Ná húsáid ach luchtaire comhoiriúnach chun na cadhnraí a luchtáil. Ná bain don luchtaire. Mura leantar na treoracha seo, d'fhéadfadh na cadhnraí at nó pléascadh.

## Treoracha tábhachtacha sábháilteachta

Nuair a bhíonn an táirge seo á úsáid, ba cheart réamhchúraimí búnúsacha sábháilteachta a leanúint i gcónaí chun baol tine, turrainge leictrí agus díobhála do dhaoine a laghdú, na cinn seo san áireamh:

1. Ná húsáid an táirge gar d'uisce, mar shampla, gar d'fholcadán, gar do thobán níocháin, ná do dhoirteal cistine, do thobán nite éadaí, in íoslach fliuch, ná gar do linn snámha.
2. Ná húsáid teileafóin (seachas cinn gan corda) le linn stoirme leictrí. Tá baol beag turrainge leictrí ó thintreach.
3. Ná húsáid an teileafón i gcóngar sceite gáis chun an sceitheadh a thuairisciú.
4. Ná húsáid ach an corda cumhachta agus na cadhnraí a thaispeántar sa lámhleabhar seo. Ná déan na cadhnraí a dhiúscairt i dtine. D'fhéadfaidís pléascadh. Seiceáil na cóid áitiúla le haghaidh treoracha speisialta diúscartha a d'fhéadfadh a bheith ann.

# COINNIGH NA TREORACHA SEO